

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Innéacs leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

	Leathanach
Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird	3
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach	4-4b
Tuarascáil Iniúchta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	5
Gníomhaíochtaí agus Costais Phá	6
Beartais Chuntasaíochta	7
Ráiteas Oibriúcháin	8
Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus faoi Dhlíteanais Reatha	9
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	10 - 26

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Ceanglaítear le halt 51 den Acht ar an mBord Oideachais agus Oiliúna na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé a choimeád i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasáochta a cheadóidh an tAire Oideachais agus Scileanna, le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord:

- (a)** na beartais chaighdeánacha chuntasáochta le haghaidh ráitis airgeadais Bhoird Oideachais agus Oiliúna a ullmhú a chur i bhfeidhm
- (b)** breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- (c)** aon imeachtaí ábhartha ó na beartais chaighdeánacha chuntasáochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Bhoird agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na Ráitis Airgeadais le halt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach: Cllr. Frankie Keena

Síniú:

Dáta:

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Freagracht maidir leis an gCóras um Rialú Inmheánach

I mo Cathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí, admhaím an fhreagracht atá ar an mBord a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Bhí LWETB ag feidhmiú faoin gCód Cleachtais maidir le ETSanna in 2018 a glacadh leis i Márta 2015. Úsáidtear córas dá leithéid chun a chinntiú go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- Na freagrachtaí atá ar bhainistíocht agus ar bhaill foirme a shonrú go soiléir.
- Nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Nósanna imeachta a bhunú chun tabhairt faoi gach réimse baoil a d'fhéadfadh cosc a chur ar an BOO a chuspóirí a bhaint amach a mheas agus a aithint.

Tá an córas um rialú inmheánach atá i bhfeidhm in LWETB bunaithe ar:

- Nósanna imeachta riaracháin mionsonraithe
- Dualgais a dheighilt
- Údaruithe ar leith
- Seiceálacha inmheánacha
- Athbhreithniú bainistíochta míosúil ar thuarascálacha ina leagtar amach na fíorthorthaí agus na torthaí buiséadaithe maidir le cláir arna bhfeidhmiú ag LWETB.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach bunaithe ar:

- Obair an Choiste Iniúcháireachta, a dhéanann tuarascálacha ar iniúcháireacht inmheánach agus tuarascálacha an C&AG agus tuarascálacha chuig an Bord a mheas, cibé an bhfuil, i dtuairim an iniúcháir inmheánaigh,
- córas cuí leordhóthanach i bhfeidhm ag an bPríomhfheidhmeannach maidir le rialú inmheánach;
- Príomhfheidhmeannach air a bhfuil freagracht maidir leis an gcreat rialaithe airgeadais;
- Moltaí a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Is é Aonad Iniúcháireachta Inmheánaigh Bhord Oideachais agus Oiliúna Éireann (IAU-ETB) a chuireann an Iniúcháireacht Inmheánach ar fáil.

Rinne an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaigh tuairisciú i bhFeabhra 2018 maidir le hiniúcháireacht ar sholáthar in Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain.

Rinne an IAU iniúcháireacht ar Sholáthraithe Oiliúna Saineolais idir Feabhra agus Aibreán 2018. Rinneadh torthaí na hiniúcháireachta seo a thuairisciú i Meán Fómhair 2018.

I Márta 2018 rinne an IAU iniúcháireacht ar éifeachtacht an chórais TF agus rialuithe maidir le hinfhaighteacht an ghréasáin chomh maith agus foilsíodh torthaí na hiniúcháireachta seo in Eanáir 2019.

Rinne an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaigh iniúchóireacht iomlán ar rialuithe inmheánacha in LWETB in Eanáir 2019. Tá an t-athbhreithniú seo agus na torthaí ina leith curtha faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta chun deimhniú a thabhairt dóibh maidir le héifeachtacht ár rialuithe.

Cuireadh cás ina measadh calaois a bheith ar bun in iúl do bhainistíocht an LWETB i Nollaig 2016, tá an LWETB i mbun imscrúdaithe maidir leis an eachtra sin ó Feabhra 2017. Cuireadh an Garda Síochána ar an eolas maidir leis an eachtra agus dá bharr sin cuireadh an dlí i bhfeidhm ar an gcás trí chóras na gcúirteanna. Chuir an IAU tús le hiniúchóireacht ar réimse maoinithe agus d'eisigh an IAU tuarascáil deiridh i Meán Fómhair 2018. Tugadh faoi ghníomhartha ceartaitheacha iomchuí agus cuireadh bearta rialaithe nua i bhfeidhm agus rinneadh rialuithe a bhí ann a athdhearbhú agus a neartú. Íocadh an figiúr iomlán deiridh €96,527 ar ais chuig an LWETB in Eanáir 2018.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

I Márta 2018 rinne an IAU iniúchóireacht ar éifeachtacht an chórais TF agus rialuithe maidir le hinfhaighteacht an ghréasáin chomh maith. Rinneadh torthaí na hiniúchóireachta seo a thuairisciú in Eanáir 2019. Bhí an tuairim "easnamhach" bunaithe ar thagarmharc ISO/IEC 27031.

Bhí an LWETB i lár chlár uasghrádaithe TFC nuair a bhí an iniúchóireacht ar bun. Tá go leor de na nithe atá liostaithe san iniúchóireacht curtha i gceart ag an gclár uasghrádaithe sin ó shin. Táthar ag súil go mbainfear comhlíonadh amach nuair a thabharfar an clár uasghrádaithe reatha chun críche.

Soláthar Poiblí

Cuireadh plean soláthair don bhliain 2018 ar aghaidh chuig an gCoiste Airgeadais i mí na Samhna 2017 agus glacadh leis. Rinneadh an plean seo a fhorbairt i ndiaidh athbhreithniú ar sholáthar in LWETB. Leag an plean seo 44 réimse amach ar a mbeadh rannóg soláthair an LWETB ag díriú orthu ó 2018 ar aghaidh. Faoi Mheitheamh 2019 cuireadh 80% den phlean gníomhaíochta i bhfeidhm agus beidh 10% eile de curtha i bhfeidhm faoi dheireadh mhí na Nollag 2019.

Fuarthas a leanas amach in 2018 mar thoradh ar athbhreithniú ar sholáthar:

- a) Soláthraíodh Seirbhísí Díl in 2018 faoi chreat OGP.
- b) Ba ionann luach nithe a soláthraíodh trí phraghsanna luaite agus atá á gcur ar thairiscint ar bhealach comhiomlán i láthair na huair agus €378,182, agus áirítear ábhair ranga, marcáil scrúdaithe agus trealamh agus seirbhísí TF orthu sin. Soláthrófar os cionn 40% de na nithe seo ar bhealach comhiomlán faoi Mheitheamh 2019.
- c) Ba ionann luach na nithe a soláthraíodh trí phraghsanna luaite agus a bhfuil tuilleadh anailís á ndéanamh orthu agus €109,612 agus áirítear catagóirí eile d'ábhair ranga, bia agus tomhaltáin orthu sin. Soláthrófar na nithe seo ar bhealach comhiomlán go ríghairid.

Pinsin

Leagtar dualgas ar BOOnna leis an Imlitir 11/2014 ráitis sochair agus áirimh a chur ar fáil do chomhaltaí den Scéim Aonair Pinsin Seirbhíse Poiblí faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2014. Tá comhairle tugtha ag an bhFeidhmeannach nach bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí ag comhlíonadh an dualgais seo go hiomlán: is saincheist í seo do BOOnna ar fad agus táthar ag dul i ngleic leis go náisiúnta, d'fhonn na hacmhainní atá de dhíth chun í a réiteach a fháil.

Athbhreithniú Bliantúil maidir leis na Rialuithe

Tá LWETB tiomanta do chóras éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch rialaithe inmheánaigh a fheidhmiú. Dearbhaím gur thug LWETB faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus fuaireamar iad a bheith sásúil.

Sínithe :

Dáta:

An Comhairleoir Frankie Keena
Cathaoirleach



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste **An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Bhoird Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 mar a éilítear faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas ar bheartais chuntasaíochta
- ráiteas oibriúcháin
- ráiteas faoi shócmhainní reatha agus faoi dhliteanas reatha, agus
- na nótaí gaolmhara.

Is é mo thuairim

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird don bhliain 2018 agus ar staid chúrsaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2018; agus
- Tá na ráitis airgeadais de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

An bonn atá leis an tuairim

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) faoi mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Náisiúnta Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin i bhfoscscríbhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuairisc ar nithe eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an mBord. Cuimsítear leis sin ráiteas um fhreagrachtaí an Bhoird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i bhfoscscríbhinn na tuarascála seo.

Níl tuairisc ar bith le tabhairt agam ina leith sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
25 Meitheamh 2019

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas um fhreagrachtaí an Bhoird tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi Alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013
- as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird
- as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de cheanglas orm faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hlarmhí agus tuairisciú chuig Tithe an Oireachtais ina leith.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhú réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíríteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na ISAnna ar mhíríteis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim,

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu atá sé mar thoradh ar chalaois nó earráid a shainaithe agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaois seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.

- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna himthosca, ach gan chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.

- Oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasáíochta agus na nochtuithe ábhartha a mheas.

Cinnim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird agus cibé an dtugann ráiteas na n-iarmhéideanna arna léiriú ag an ráiteas faoi shócmhainní reatha agus faoi dhliteanas reatha léargas ar staid chúrsaí an Bhoird nó nach dtugann.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, lena n-áirítear nochtuithe, agus cibé an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach trína mbaintear amach cur i láthair atá cothrom.

Déanaim teagmháil leosan a leagtar de chúram orthu rialachas maidir le – i measc ábhair eile – scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní bhaineann mo thuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheanglas orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má fhaighim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím ar aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na gcríoch dá bhfuil sé beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairime,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta leordhóthanach ann chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

Gníomhaíochtaí agus Costais Phá

1 Príomhghníomhaíocht

Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí Oideachas agus Oiliúint i gcontaetha an Longfoirt agus na hIarmhí, mar atá leagtha amach thíos:

Seirbhís	An Líon Láithreacha	An Líon Rannpháirtithe*	An Líon Tairbhíthe***
Bunleibhéal			
Dara Leibhéal agus an Clár Iar-Ardteistiméireachta	9	3,363**	
Breisoideachas	45		4,743
Oiliúint	11		2,399
Ranganna Páirtaimseartha/Oíche	4		1,874

* Bunaithe ar Rollú sa Bhliain Acadúil 2018/2019

** Duine a fhreastalaíonn, ar bhonn lánaimseartha, ar chlár struchtúrtha a sholáthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

*** Duine a bhaineann leas, ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha, as seirbhís a sholáthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

2 Seirbhísí Eile

Feidhmíonn an Bord mar Ghníomhaire freisin agus reáchtálann sé Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha.

Is é atá i gceist le hobair gníomhaireachta ná clár a reáchtáil thar ceann eagraíocht eile nó thar ceann mic léinn, de réir critéir chomhaontaithe. Aisíoctar leis an mBord aon chostais a thabhaítear i leith cláir den sórt sin.

Is é is Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha ann ná cláir a reáchtáiltear faoi rialú iomlán an Bhoird ar mhaithe leis an mBord féin nó ar mhaithe le heagraíochtaí eile.

3 Costais Phá

Is é pá an príomhchostas a thabhaíonn an Bord, agus léirítear sa tábla seo a leanas na raonta pá agus an líon fostaithe atá i ngach raon:

Raon pá*	Costas sa bhliain	
	An Líon Fostaithe	2018
		€
0 - 59,999	772	16,429,431
60,000 - 69,999	111	7,220,692
70,000 - 79,999	62	4,609,153
80,000 - 89,999	17	1,439,581
90,000 - 99,999	9	847,451
100,000 - 109,999	5	509,231
110,000 - 119,999	4	458,346
120,000 - 129,999	1	129,325
Iomlán:	981	31,643,210

Áirítear ÁSPC ón bhfostóir leis na raonta pá.

Ní dhéanann an Bord Oideachais agus Oiliúna aon ranníocaíochtaí pinsin i leith fostaithe.

I gcomhréir leis an reachtaíocht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar Mhaithe le Leas an Phobail, rinne an Bord Oideachais agus Oiliúna Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean dar luach €1,168,574 ó fhostaithe. Íocadh na hasbhaintí leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ansin.

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus na Beartais Chuntasaíochta

1 Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí an 1 Iúil 2013 agus tá a chuid feidhmeanna leagtha amach in alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

2 Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

(a) Bonn an Chuir i Láthair

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair san fhoirm a cheadaigh an tAire Oideachais agus Scileanna, le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuimsíonn siad Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, Ráiteas Oibríúcháin, Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus faoi Dhlíteanais Reatha, agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Nuair ba ghá, rinneadh figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe a athlua ar an aon bhonn amháin a úsáideadh don bhliain reatha.

(b) Bonn an Ullmhúcháin

Sa Ráiteas Oibríúcháin, cuirtear Fáltais agus Íocaíochtaí i láthair de réir Grúpáil Cláir. Déantar an Barrachas/(Easnamh) Airgid Thirim a thagann as sin a choigeartú do ghluaiseachtaí eile féichiúnaithe agus creidiúnaithe chun an toradh foriomlán don tréimhse a chinneadh ar bhonn fabhráithe.

Ullmhaítear an Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus faoi Dhlíteanais Reatha ar an mbonn fabhráithe tríd an deontas Stáit agus iarmhéideanna eile maoinitheoirí a chinneadh ag suimeanna a léiríonn an caiteachas gaolmhar a tabhaíodh de réir rialacha maoiníocháin.

Cuirtear Féichiúnaithe Tríú Páirtí ar áireamh i Sócmhainní Reatha. Cuirtear Dlíteanais Phá agus Speansais ar áireamh i nDlíteanais Reatha.

(c) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar gach sócmhainn a cheannaítear, lena n-áirítear talamh agus foirgnimh, daingneáin agus feistis agus trealamh oiliúna, a chlárú mar chaiteachas i mbliain an cheannaigh. Is i mbliain an cheannaigh freisin a aithnítear deontais Stáit a úsáidtear chun ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe a mhaoiniú.

(d) Stoic

Déantar gach stoc intomhalta a chlárú mar chaiteachas de réir mar a cheannaítear iad.

(e) Aoisliúntas

Is faoi scéimeanna sochair shainithe a thugtar na teidlíochtaí pinsin atá ag baill foirne an Bhoird Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí, lena n-áirítear iad sin a d'aistrigh ó SOLAS.

Maidir le hasbhaintí aoisliúntais a dhéantar ó phá fostaithe i leith na scéimeanna, coinníonn an Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí iad mar chuid de mhaoiniú comhaontaithe Státchiste nó íoctar iad ar aghaidh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ní dhéanann an Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí aon ranníocaíochtaí i leith na scéimeanna.

Feidhmítear na scéimeanna neamh-mhaoinithe lena mbaineann ar bhonn íoc mar a úsáidtear. Íocann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte teidlíochtaí bliantúla pinsin thar ceann an Bhoird Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí. Tá na Boird Oideachais agus Oiliúna freagrach as a bpinsin féin a riar. Soláthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna cistí pinsean.

Ní dhearnadh aon soláthar sna ráitis airgeadais do chostas reatha na sochar amach anseo arna bhfabhrú do bhaill scéime agus do phinsiní atá ann cheana faoi na scéimeanna lena mbaineann.

(f) Cíosleasú

Déantar gach cíosleasú a chlárú mar chaiteachas de réir mar a thabhaítear iad.

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

	Nóta	An bhliain dar críoch an 31/12/2018 €	An bhliain dar críoch an 31/12/2017 €
FÁLTAIS			
Deontais Iar-bhunscoileanna agus Cheannoifige	1	25,899,592	24,160,109
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	2	24,527,057	22,631,848
Deontais Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn	3	0	11,368
Deontais Seirbhísí don Ógra	4	585,644	628,005
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha	5	1,661,500	1,473,083
Deontais Chaipitil	6	1,206,924	1,091,569
		<u>53,880,717</u>	<u>49,995,982</u>
ÍOCAÍOCHTAÍ			
Iar-bhunscoileanna agus Ceannoifig	7	25,881,701	24,112,391
Breisoideachas agus Oiliúint	8	24,917,851	22,856,514
Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn	9	-	8,699
Seirbhísí don Ógra	10	740,367	584,451
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha	5	1,605,340	1,482,281
Caipiteal	6	717,727	1,946,653
		<u>53,862,986</u>	<u>50,990,989</u>
Barrachas/(easnamh) airgid thirim don bhliain		17,731	(995,007)
Gluaiseacht i nglansócmhainní reatha eile	21	<u>(22,259)</u>	<u>1,009,236</u>
Barrachas/(easnamh) ioncaim fabhráithe don bhliain		(4,528)	14,229
Barrachas/(easnamh) ioncaim ag an 1 Eanáir		5,271	(8,958)
Barrachas/(easnamh) ioncaim ag an 31 Nollaig		<u>743</u>	<u>5,271</u>

Sínithe:

Sínithe:

Cllr. Frankie Keena
Cathaoirleach

Dr Christy Duffy
Príomhfheidhmeannach

Dáta: _____

Dáta: _____

Tá na nótaí ar leathanaigh 10 go 26 mar chuid de na Ráitís Airgeadais seo

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus faoi Dhílteanais Reatha amhail an 31 Nollaig 2018

	Nóta	31/12/2018 €	31/12/2017 €
Sócmhainní Reatha			
Deontais Athfhillteacha Stáit	13	202,860	190,743
Deontais Chaipitil Stáit	14	482,750	955,597
Ioncam Athfhillteach Eile	15	69,063	317
Féichiúnaithe Tríú Páirtí	16	353,010	301,719
Iarmhéid Bainc		2,726,950	2,709,219
		<u>3,834,633</u>	<u>4,157,595</u>

Dílteanais Reatha			
Deontais Athfhillteacha Stáit	17	1,539,650	1,940,314
Deontais Chaipitil Stáit	18	255,671	194,932
Ioncam Athfhillteach Eile	19	466,683	413,818
Dílteanais Phá agus Speansais	20	1,571,886	1,603,260
		<u>3,833,890</u>	<u>4,152,324</u>

Glansócmhainní Reatha/(Glandílteanais Reatha)		<u><u>743</u></u>	<u><u>5,271</u></u>
--	--	-------------------	---------------------

Ionadaithe ag

Barrachas/(easnamh) ioncaim		<u><u>743</u></u>	<u><u>5,271</u></u>
------------------------------------	--	-------------------	---------------------

Anailís ar bharrachas/(easnamh) ioncaim	Barrachas/(Easnamh) Coinnithe	Barrachas/(Easnamh) Coinnithe don Bhliain	Barrachas/(Easnamh) Coinnithe
	31/12/2018 €	2018 €	31/12/2017 €
Clár			
Scoileanna agus Ceannoifig	(1,325)	(1,721)	396
Cláir Fhéinmhaoinitheacha	2,068	(2,807)	4,875
	<u>743</u>	<u>(4,528)</u>	<u>5,271</u>

Sínithe:

Sínithe:

Cllr. Frankie Keena
Cathaoirleach

Dr. Christy Duffy
Príomhfheidhmeannach

Dáta:

Dáta:

Tá na nótaí ar leathanaigh 10 go 26 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

		An Bhliain dar Críoch an 31/12/2018 €	An Bhliain dar Críoch an 31/12/2017 €
1 Fáltais Iar-bhunscoileanna agus Cheannoifige	An Roinn is Urraitheoir/Maoinitheoir		
 Pá			
Glandeontas Airgid Thirim - Iar-bhunscoileanna agus Ceannoifig	An Roinn Oideachais agus Scileanna	21,939,594	20,238,364
Ranníocaíochtaí Coinnithe Aoisliúntais	An Roinn Oideachais agus Scileanna	<u>1,269,013</u>	<u>1,224,043</u>
		23,208,607	21,462,407
 Neamhphá			
Glandeontas Airgid Thirim - Iar-bhunscoileanna agus Ceannoifig	An Roinn Oideachais agus Scileanna	1,671,068	1,634,268
Cúlchiste Caipitil IPB	Comhar-Árachais Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann Teoranta	196,439	-
Táillí Teagaisc	Tuismitheoirí/mic léinn	77,854	95,480
Díbhinn Árachais	Comhar-Árachais Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann Teoranta	27,915	54,605
Ús Bainc	Banc	<u>(0)</u>	<u>141</u>
		1,973,276	1,784,494
 Cláir Ghaolmhara			
An Ciste Tacaíochta Seirbhísí Scoile	An Roinn Oideachais agus Scileanna	302,943	302,129
Deontas DEIS agus an Clár Teagmhála Baile agus Scoile	An Roinn Oideachais agus Scileanna	101,601	97,839
Deontas Leabhar	An Roinn Oideachais agus Scileanna	101,025	322,683
Deontas Caipitil Mionscála	An Roinn Oideachais agus Scileanna	77,711	75,019
Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh	Ionad Oideachais na Carraige Duibhe / Oideachas agus Scileanna	35,758	35,057
An Idirbhliain	An Roinn Oideachais agus Scileanna	30,020	23,275
Cúntóir Teanga Iasachta	An Roinn Oideachais agus Scileanna	25,104	13,009
Eile - 10 Cheann san Iomlán	An Roinn Oideachais agus Scileanna	<u>43,547</u>	<u>44,197</u>
		717,709	913,208
 Iomlán		 <u><u>25,899,592</u></u>	 <u><u>24,160,109</u></u>

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Nótaí leis na Ráitís Airgeadais - An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

2 Fáltais Bhreisoideachais agus Oiliúna	An Roinn is Urraitheoir/Maoinitheoir	An Bhliain dar Críoch an	
		31/12/2018 €	31/12/2017 €
Breisoideachas			
An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais	SOLAS	2,236,057	2,138,569
Ógtheagmháil	SOLAS	1,952,032	1,734,465
Lítearthacht Aosach	SOLAS	1,202,606	1,124,415
An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas	SOLAS/Daltai	926,160	903,524
An tSeirbhís Treorach um Oideachas Aosach	SOLAS	357,626	224,563
Oideachas Pobail	SOLAS	203,159	226,241
Scileanna Náisiúnta don Obair	SOLAS / Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire	123,064	105,608
Dianteagasc	SOLAS	72,412	70,079
Seirbhísí Treorach/Comhairleoireachta/Síceolaíochta	SOLAS	49,327	41,896
Caipitíocht an Chláir Iar-Ardeistiméireachta	SOLAS	40,556	44,182
Scrúdú / Measúnuithe QQI	SOLAS	39,928	60,049
An Ciste Athchóirithe Breisoideachais	SOLAS	28,579	69,190
Oideachas Ealaíon	SOLAS/Daltai	27,389	61,427
Lítearthacht Teaghlaigh DEIS	SOLAS	21,505	28,474
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach	SOLAS	15,656	2,158
Cíos IAT	SOLAS	14,500	15,100
An Creat Cáilíochta	SOLAS	6,417	4,335
Fíordheimhniitheoirí Seachtracha QQI	SOLAS	5,833	8,953
Athlonnú Dídeanaithe	SOLAS	(45,151)	230,400
		7,277,655	7,093,628
Oiliúint			
Baill Foirne agus Oibríochtaí Ionaid Oiliúna	SOLAS	3,680,683	3870025
Cúrsaí Bonnleibhéil agus Nasc-Chúrsaí agus Oiliúint			
Scileanna	SOLAS	3,659,066	2430707
Printíseacht	SOLAS	2,998,609	2748096
Soláthraithe Sainoiliúna	SOLAS	2,542,426	2577478
Ionaid Oiliúna Pobail	SOLAS	2,252,835	1956478
Cúrsaí Oiliúna	SOLAS	1,032,313	683264
Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna	SOLAS	674,536	886066
Cúrsaí Oíche	SOLAS	278,742	219935
Eile	An Roinn Oideachais agus Scileanna/SOLAS	96,983	87,780
Ceardlanna Ceartais	SOLAS	28,275	75,555
An Ciste Oiliúna Náisiúnta	An Roinn Oideachais agus Scileanna	6,565	-
Foghlaim ar Líne/Foghlaim Chumaisc/Leabharlann	SOLAS	(1,631)	2836
		17,249,402	15,538,220
Iomlán		24,527,057	22,631,848
3 Fáltais Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn			
Deontais agus Scoláireachtaí	An Roinn Oideachais agus Scileanna/SOLAS	0	11,368
		0	11,368
4 Fáltais Seirbhísí don Ógra			
DPU/MRDATF	An Roinn Sláinte	136,816	97,600
Tionscadail Speisialta d'Ógra - SPY	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	122,936	80,343
C.A.S.D.O. 2	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	101,231	89,394
Feidhmeanna Oibre don Aos Óg	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	93,367	62,910
Eolas faoin Aos Óg	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	50,759	50,759
Deontas do Chlubanna don Ógra	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	44,130	37,236
Caipiteal le haghaidh Obair don Aos Óg	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige/Obair don Aos Óg in Éirinn	30,346	48,911
Deontas Óige LADT	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	5,000	0
Scéim Trealamh Club Óige Áitiúil	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	1,059	160,852
		585,644	628,005

Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

5 Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha

Mir	Tionscadal	An Roinn is Urraitheoir/Maoinitheoir	An Bhliain dar Críoch an 31/12/2018				An Bhliain dar Críoch an 31/12/2017	
			Fáltais	Íocaíochtaí			Fáltais	Íocaíochtaí
				€	Pá €	Neamhphá €		
		An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce						
1	Béilí Scoile	Sóisialaí	534,233	-	646,554	646,554	548,837	606,701
2	Léargas/Erasmus	Léargas	106,424	-	82,614	82,614	67,550	44,330
3	Comhlachtaí Scrúdaithe	Coimisiún na Scrúduithe Stáit	90,047	95,338	-	95,338	185,468	98,321
4	Leabhair ar Cíos	Tuismitheoirí/Mic Léinn	248,148	-	116,046	116,046	-	-
5	Tionscadail Eorpacha PMO	An Roinn Oideachais agus Scileanna	49,856	49,224	632	49,856	-	-
6	Cuntas Bainc Chumann na dTuismitheoirí	Tuismitheoirí / Mic Léinn	32,120	-	16,286	16,286	20,331	22,862
7	Táillí Scrúdaithe	Tuismitheoirí/mic léinn	52,545	-	57,819	57,819	57,855	46,910
8	Club Staidéir Obair Bhaile	Tuismitheoirí / Mic Léinn	27,735	12,018	7,514	19,532	17,387	16,188
9	Turais Scoile	Tuismitheoirí/mic léinn	14,294	-	11,976	11,976	18,039	17,040
10	Tobhach Rialtais IAT	Tuismitheoirí/mic léinn	14,200	-	17,963	17,963	19,200	27,460
11	Eile - 10 Cheann san Iomlán	An Roinn Oideachas agus Scileanna / Éagsúla	20,627	17,716	10,248	27,964	102,995	136,530
			1,190,229	174,296	967,652	1,141,948	1,037,662	1,016,342

**** TIONSCADAIL FHÉINMHAOINITHEACHA**

1	Seirbhísí do Mhic Léinn - Mac Léinn	Tuismitheoirí/mic léinn	256,505	-	238,067	238,067	201,464	179,994
	Gníomhaíochtaí Seach-Churaclaim na hIdirbhliana	Tuismitheoirí/mic léinn	91,252	2,642	101,775	104,417	91,625	72,875
2	Tiomsú Airgid Áitiúil IAT - Táille	Tuismitheoirí/mic léinn	71,655	2,038	62,568	64,606	87,728	128,572
3	Chlárúcháin	Tuismitheoirí/mic léinn	33,574	-	42,252	42,252	38,975	50,596
4	Ceaintín	Tuismitheoirí/mic léinn						
5	Suibscríbhinní agus Tabhartais	Comhlachtaí éagsúla	13,835	-	9,578	9,578	4,274	9,155
6	Eile - 6 Cheann san Iomlán	Tuismitheoirí/mic léinn/Comhlachtaí éagsúla	4,450	281	4,191	4,472	11,355	24,747
			471,271	4,961	458,431	463,392	435,421	465,939
